Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn I (An Ealaín in Éirinn)
- Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD – An Lá Inniu)
- Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** D'fhorbair agus tháirg oibrithe miotail na Cré-Umhaoise in Éirinn déantúsáin nuálacha, ardcháilíochta, mhaisiúla.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do **dhá** shampla ainmnithe de dhéantúsáin Chré-Umhaoise.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm agus do mhaisiú an dá dhéantúsán, agus do na teicnící ar baineadh úsáid astu nuair a bhí siad á dtáirgeadh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an áit agus ar an dóigh a bhfuair muintir na Cré-Umhaoise in Éirinn a mbunábhair.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tháinig athruithe suntasacha ar an tsnoíodóireacht chloiche in Éirinn le teacht na gCeilteach san Iarannaois.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do **Ghallán an Tuair Rua**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, do na teicnící agus don mhaisiú.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile den tsnoíodóireacht chloiche ón Iarannaois in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tionchar na Críostaíochta ar fhorbairt na miotalóireachta in Éirinn ba chúis le déantúsáin a bheith á gcruthú a bhí thar a bheith snasta agus mionchumtha ó thaobh na teicniúlachta de.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do **Chailís Ardach**, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, don mhaisiú agus do na teicnící a úsáideadh nuair a bhí an chailís á táirgeadh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar dhéantúsán miotail reiligiúnach ainmnithe **amháin** eile ón ré chéanna in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Bhí tionchar ag an Turas Mór ar thógáil tithe cónaithe móra faiseanta faoin tuath le linn na tréimhse Seoirseach in Éirinn.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do theach mór Seoirseach ainmnithe **amháin** faoin tuath in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air. Ainmnigh an t-ailtire/na hailtirí i do fhreagra, agus déan cur síos agus plé ar na gnéithe ailtireachta, idir struchtúrtha agus mhaisiúla.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na príomhghnéithe de theach cathrach Seoirseach in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá cumasc de cheardaíocht ardchaighdeáin agus d'ardéirim shamhlaíochta le haithint san obair ghloine dhaite a rinne Harry Clarke (1889-1931).
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do '**Naomh Gobnait**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Harry Clarke.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Nuair a bhíonn dealbhóireacht phoiblí á cruthú, ba chóir go mbeadh sí ag freagairt don áit ina bhfuil sí suite.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do '**Armóin**' le Sandra Bell, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh/ don fhoirm, do na bunábhair agus don suíomh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile den dhealbhóireacht phoiblí in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:

- James Barry (1741-1806)
- Daniel Maclise (1806-1870)
- Jack B. Yeats (1871-1957)
- Mary Swanzy (1882-1978)
- Tony O'Malley (1913-2003)
- Robert Ballagh (r.1943)
- Colin Davidson (r.1968).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra a roghnaigh tú, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící agus do na nithe a raibh tionchar acu ar an saothar.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Is iad an t-ornáideachas, an tréitheachas teicniúil agus úsáid an tsolais sainchomharthaí na hailtireachta Gotaí.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do shampla ainmnithe **amháin** d'eaglais nó d'ardeaglais Ghotach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don leagan amach, do na teicnící tógála agus don ghloine dhaite.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** den dhealbhóireacht Ghotach.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Bhí an t-ealaíontóir Sandro Botticelli (c.1445-1510) thar barr ag léiriú na cuannachta agus na háilleachta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do shaothar ainmnithe **amháin** le Botticelli. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don siombalachas agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Sandro Botticelli.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Chuir Michelangelo (1475-1564) scéalta reiligiúnacha in iúl trí mheán na staidiúirí dinimiciúla éagsúla a chruthaigh sé.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do '**An Breithiúnas Deireanach**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don siombalachas agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Michelangelo.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Chruthaigh Gian Lorenzo Bernini (1598-1680) saothair dhrámata inar chomhtháthaigh sé go minic an dealbhóireacht agus an ailtireacht.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do '**Eacstais Naomh Treasa**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Gian Lorenzo Bernini.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá cáil ar Edouard Manet (1832-1883) as ábhar traidisiúnta ó shaol nua-aimseartha na linne a láimhseáil ar bhealach neamhghnách.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do '**Le Déjeuner sur l'herbe**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Edouard Manet.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Rinne Vincent van Gogh (1853-1890) iarracht mothú dian a léiriú le dathanna láidre agus le hobair throm scuaibe.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do phictiúr ainmnithe **amháin** le Vincent van Gogh. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don dath/do na dathanna agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Vincent van Gogh.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:
- Paolo Uccello (c.1397-1475)
- Diego Velázquez (1599-1660)
- J.M.W. Turner (1775-1851)
- Edvard Munch (1863-1944)
- Pablo Picasso (1881-1973).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat agus bíodh tagairt agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh/fhoirm, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.
(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- An Stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- Impriseanachas
- Die Brücke
- Osréalachas.

(b) Déan cur síos ar phríomhghnéithe na stíle nó na gluaiseachta a roghnaigh tú.
(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Baineann gailearaithe ealaíne, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin úsáid as na meáin agus as an teicneolaíocht chun teagmháil a dhéanamh leis an gcuairteoir agus chun cur lena (h)eispéireas pearsanta agus lena (h)eispéireas ar líne.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do ghailearaí ealaíne, do mhúsaem nó d'ionad léirmhíniúcháin ainmnithe **amháin** ar thug tú cuairt air go pearsanta **nó** ar líne. Déan cur síos agus plé ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe a chonaic tú le linn do chuairte a bhí spéisiúil, dar leat, agus mínigh cén dóigh ar baineadh úsáid as na meáin agus as an teicneolaíocht chun teagmháil a dhéanamh leat agus chun cur le taitneamh agus tairbhe do chuairte.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe atá agat féin faoin dóigh a gcuirfeá saothar ealaíne na ndaltaí i do scoil os comhair an phobail. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Ní mór do dhearadh táirge freastal ar réimse úsáideoirí agus, ag an am céanna, cothromaíocht a bhaint amach idir cruth agus feidhm.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do na táirgí (foireann seilfeanna, táblaí agus cathaoireacha) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, don dath/do na dathanna agus don éifeacht amhairc.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat do gabhdán le lón scoile a phacáil agus a iompar ann. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Agus póstaer á dhearadh, baintear úsáid as an gclóghrafaíocht agus as samhlaoidí amhairc chun eolas a chur i láthair agus chun aird an spriocghrúpa daoine a mhealladh.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt don phóstaer do cheolchoirm ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don leagan amach, do na samhlaoidí, don chlóghrafaíocht agus don éifeacht amhairc.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat do phóstaer le siúlóid urraíochta i do cheantar féin a fhógairt. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Beidh todhchaí níos inbhuanaithe ann don fhaisean má bhaintear úsáid as éadaí, as oiriúintí nó as nithe eile atá ann cheana chun táirgí nua a chruthú.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt ***don léaráid atá ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra do choincheapa dearaidh, do dhath(anna), don chruth agus do na bunábhair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat do mhála le haghaidh ríomhaire glúine a dhéanfaí as ábhair athchúrsáilte. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Ní le haghaidh na haeistéitice amháin a bhíonn páirceanna poiblí agus spásanna glasa i limistéir uirbeacha; déantar na páirceanna agus na spásanna sin a dhearadh chun saol daoine a fheabhsú agus chun cur lena bhfolláine.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do pháirc phoiblí ainmnithe **amháin** a bhfuil eolas agat uirthi. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don suíomh, don fheidhm, do na háiseanna atá ar fáil agus don éifeacht amhairc.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat don dóigh a ndéanfá spás lasmuigh de do scoil féin a athdhearadh chun cur le folláine na ndaltaí. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra Cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Déardaoin, 16 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:30